## Bileog 14.1

Tabharfaidh an múinteoir sceideal na gclár teilifíse duit ón nuachtán ***Foinse***. Ag obair leis an duine in aice leat roghnaígí trí chlár ón sceideal le cur faoi na teidil chuí thíos.

| **Cláir Spóirt** | **Cláir Cheoil** | **Cláir Chainte** | **Cláir Ghrinn** |
|---|---|---|---|
| | | | |
| **Sobalchláir** | **Cartúin** | **Cúrsaí Reatha** | **Cláir Fhaisnéise** |
| | | | |

Cuir an cheist thíos ar an duine in aice leat anois. Déanaigí iarracht cur leis na freagraí diúltacha agus dearfacha thíos:

An mbreathnaíonn tú ar an teilifís go minic?
Breathnaím/Ní bhreathnaím



**An é seo an briathar atá agatsa leis an cheist thuas a chur?**
**An féidir leat smaoineamh ar bhriathra eile atá difriúil sna canúintí éagsúla? An síleann tú go bhfuil mórán difríochtaí idir an chanúint atá agat féin agus na canúintí eile?**

Féach féin agus an duine in aice leat arís ar an cheist seo agus déanaigí ransú intinne ar na bealaí éagsúla le freagraí dearfacha agus diúltacha a thabhairt ar an cheist.



An maith leat na sobail?

Is breá liom iad!

Is fuath liom iad!



______________________ ______________________
______________________ ______________________
______________________ ______________________
______________________ ______________________
______________________ ______________________
______________________ ______________________

An bhfuil bealach difriúil agat féin agus an duine in aice leat leis an cheist thuas a chur? Cad é? Bí cinnte go bhfuil freagraí agaibh chomh maith.

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 14.2

Bí ag obair leis an duine in aice leat. An féidir libh na haidiachtaí seo a cheangal leis na sainmhínithe thíos?

suimiúil, greannmhar, spéisiúil, áiféiseach, áibhéalach, leadránach, amaideach, fadálach, oideachasúil

- Nuair nach bhfuil aon spraoi ag baint leis an chlár seo, thiocfadh leat titim i do chodladh!
- Nuair a bhíonn tú sna trithí ag gáire.
- Nuair is féidir leat a rá gur fhoghlaim tú rud nua ón chlár.
- Nuair nach gcreideann tú aon rud sa chlár agus ní clár grinn é ach an oiread. Is minic gur féidir é seo a rá faoi shobail.

Pléigh leis an duine in aice leat: cén cláir a d'fheádfaí a cheangal leis na focail thuas?

Bí ag obair le do ghrúpa agus cuirigí na ceisteanna thíos ar a chéile.



Cad is brí leis na téarmaí seo?

Teilifís chábla

Teilifís dhigiteach

Teilifís scáileáin chomhréidh

Teilifís ardghléine

Teilifís dhaite

1. Cé chomh minic is a fhéachann tú ar an teilifís?
2. An mbreathnaíonn tú ar an nuacht gach lá?
3. Cad a cheapann tú faoi theilifís réaltachta?
4. An sobal maith é *Fair City*? An mbreathnaíonn tú ar *Rós na Run*?
5. Cén dochar a dhéanann sé do pháistí a bheith ag féachaint ar an iomarca teilifíse?
6. Cad é an clár is fearr leat? Cén fáth?
7. Cad é an stáisiún teilifíse is fearr leat? Cén fáth?
8. Cén tábhacht a bhaineann le TG4?



Scríobh cuntas gearr ar an chlár teilifíse nó an scannán is fearr leat.

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 14.3

Déan ransú smaointe leis an duine in aice leat ar na cineálacha éagsúla leabhar atá le fáil. Mar shampla:



úrscéal, gearrscéal. . .

______________________________

______________________________

______________________________

Cad iad na cineálacha rudaí eile a léitear?




iris . . .

______________________________

______________________________

Éist le Sinéad Ní Churnáin anois ag caint faoi chúrsaí léitheoireachta agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cad iad na cineálacha leabhar is mó a thaitníonn le Siobhán?
2. Cé hé/hí an t-údar is fearr léi?
3. Cén fáth nach féidir le Sinéad an oiread léitheoireachta a dhéanamh anois agus ba mhaith léi?
4. Cad é an leabhar deireanach a léigh sí?

An raibh aon fhocal de chuid Shiobháin nach raibh tú cinnte faoi? Pléigh.

Siúil timpeall an ranga anois agus cuir an cheist seo ar gach duine:

Cén cineál leabhar a thaitníonn leat?
Ar léigh tú riamh an leabhar seo…?

Bí cinnte go bhfuil freagra agat féin ar an cheist seo agus go mbeidh tú in ann cúiseanna maithe a thabhairt le do fhreagra!



**Scríobh an fhoirm cheart de na focail idir lúibíní thíos. Déan iarracht gan féachaint ar *Bhileog 14.1*!**

| | | |
|---|---|---|
| **clár (faisnéis)** | **clár (ceol)** | **clár (caint)** |
| **leabhar (greann)** | **leabhar (spórt)** | **leabhar (beathaisnéis)** |

**Anois féach féin agus an duine in aice leat ar *Bhileog 14.1* agus pléigí cén fáth a bhfuil na focail sa bhosca ar an leathanach sin éagsúil ó na focail thuas.**

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 14.4A

Beidh tú féin agus an duine in aice leat ag léamh léirmheas ar an leabhar *Sobalsaol* le Pádraig Standún. Ar dtús pléigí na ceisteanna sa réamhphlé agus nuair a bheidh sé sin déanta léigí an léirmheas le chéile - glacaigí sealanna abairtí a léamh os ard agus bainigí úsáid as an ngluais chun cabhrú libh. Beidh sibh ag déanamh cleachtaí bunaithe ar an léirmheas ar ball (**Bileog 14.4B).**

<u>Réamhphlé</u>:
Ar chuala sibh riamh trácht ar Cló Iar-Chonnacht? Cén rud é, dar libh?
Ar chuala sibh riamh trácht ar Phádraig Standún? Cé hé féin?
Ar léigh tú riamh leabhar Gaeilge? Cén ceann?

Cló Iar-Chonnachta




SOBALSAOL - Pádraig Standún

**Praghas:** Clúd Bog / Pb €12.00 **(Price)**

***Úrscéal taitneamhach, léiriú ar bheatha dhaonna, go mórmhór trína phríomhcharachtar Mártan. Ní féidir an saol a bharraíocht, ciorcal nó fáinne atá ann, gan tús gan deireadh. Tá tréithe éagsúla sa scéal seo, idir ghrá, éad, fhuath, fhearg agus díoltas. Fágtar an príomhcharachtar i muinín a phinn agus an tsobail, agus ar deireadh thiar a chuirtear abhaile orainn go bhfuil an saol i bhfad níos réalaíche ná an sobal.***

- Tom Sailí Ó Flatharta (Cóilín – Ros na Rún)

Tá pósadh Mhártain Mhic Chormaic tite as a chéile, tá éiginnteacht ann maidir lena phost agus ní athair rómhaith é dá mhac. Is geall le sobal a shaol. Ach ní ródhona an rud é sin, mar go mbíonn sé ábalta tarraingt ar a shobalsaol go rialta agus é i mbun pinn mar scriptscríbhneoir don sobal Béal an Chuain. Ní leasc leis imeachtaí a shaoil a úsáid go rialta ina chuid oibre, rud a chuireann fearg ar go leor. Is carachtar daonna atá i Mártan, rud a threoraíonn isteach i gcroí an léitheora é. Tá cáil ar Standún as feabhas na cainte agus inchreidteacht na gcarachtar ina chuid scéalta, agus ní thaise do Sobalsaol é. Carachtair bheo bheathacha atá cruthaithe aige anseo, le caint líofa bheoga acu, agus eachtraí réalaíocha, a mheallann an léitheoir díriú go dlúth isteach ar shaol tubaisteach Mhártain Mhic Chormaic!
Is minic é ráite gur gann an léitheoireacht éadrom Ghaeilge, ach dóibh siúd gur suim leo a leithéid ní gá dul níos faide ná an leabhar seo, Sobalsaol.

Gluais:
a bharraíocht - *get the better of*

tréithe éagsúla sonracha – *various traits*

cuirtear abhaile orainn – *we are made to understand*

is geal le – *it is like*

ní leasc leis – *he does not mind*

inchreidteacht – *credibility*

ní thaise do – *it is no exception*


cruthaithe – *created*

tubaisteach – *disastrous*

gann – scarce

## Bileog 14.4B

Faigh cabhair ón duine in aice leat chun na ceisteanna seo thíos faoin léirmheas a léigh sibh níos luaithe a fhreagairt.




1. Cad iad na rudaí maithe a luann Tom Sailí faoin leabhar seo?
2. Cén fáth a bhfuil saol Mhártan Mhic Chormaic ar nós sobail?
3. Cén post atá ag Mártan?
4. Cad iad na tréithe maithe ar fad atá ag an scríbhneoir, Pádraig Standún, agus atá le feiceáil sa leabhar seo?
5. An mbeadh fonn ort an leabhar seo a léamh? Cén fáth?

(a) Seo rannóga éagsúla ó láithreán Gréasáin Chló Iar-Chonnachta. Cén cinn a mbeadh spéis agat féin iontu? Pléigh leis an duine in aice leat iad.

Úrscéalta | Gearrscéalta | Filíocht | Drámaí Léirmheastóireacht | Foghlaimeoirí Fásta Stair, Béaloideas, Cuimhní Cinn, Taisteal | Amhráin | Beathaisnéis | Cúrsaí Féin - Teagaisc Leabhair Ghramadaí | Foclóirí | Do Thuismitheoirí Ábhair Theagaisc do Mhúinteoirí | Páistí | Déagóirí

(b) **Praghas:** Clúd Bog / Pb €12.00

Cad is brí le ________________ anseo? Cad é an cineál leabhar eile atá le fáil, dar libh?

(c) Go minic bíonn fógraí mar seo ar shuíomhanna idirlín. Déanaigí iarracht an Ghaeilge cheart a chur orthu. Tá an leagan Gaeilge ar dheis den chleachtadh má tá cabhair ag teastáil uaibh ach déanaigí iarracht gan féachaint air!

site map ____________________

news ____________________

new products ____________________

learners ____________________

register ____________________

book clubs ____________________


gallery ____________________

forum ____________________




## Bileog 14.5

Scríobh cúpla sampla le cur sna boscaí thíos - beidh tú ag plé na leabhar leis na daoine eile sa rang ar ball. Bí cinnte gur féidir leat cur síos a dhéanamh ar na leabhair.



An leabhar is fearr a léigh tú riamh!

An leabhar is measa a léigh tú riamh!




Anois cuir na ceisteanna thíos ar na daoine eile sa rang:

1. Cad é an leabhar is measa a léigh tú riamh?
2. Cad is ábhar don leabhar sin?
3. Cad é an leabhar is fearr a léigh tú riamh?
4. Cad is ábhar don leabhar sin?

Éist le gach duine i dteaghlach Mhic Ghearailt ag déanamh cur síos ar an leabhar is fearr a léigh siad riamh agus cad is ábhar don leabhar sin. Líon na bearnaí sna boscaí thíos leis an eolas a chloiseann tú.

| Ainm | Ainm an Leabhair | Ábhar an Leabhair | Eolas eile |
|---|---|---|---|
| Siobhán | | | |
| Peadar | | | |
| Seán | | | |
| Pól | | | |
| Ciara | | | |
| Clár | | | |

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 14.6 A

Seo thíos eolas faoi scríbhneoirí Éireannacha, cuid acu a scríobh(ann) i nGaeilge agus cuid eile a scríobh(ann) i mBéarla. Tá an t-eolas thíos measctha suas, áfach. Ag obair leis an duine in aice leat roghnaígí na píosaí eolais a bhaineann le gach scríbhneoir agus cuirigí iad sna spásanna cearta sa bhosca ar **Bhileog 14.6B**.


An contae inar rugadh iad:

- Inis Mór, Co. na Gaillimhe
- Baile Bhuirne, Co. Chorcaí
- Baile Átha Cliath (ach tógadh i gCo. Liatroma é)
- Lancashire, Sasana
- Tuaim Gréine, Co. an Chláir
- An Spidéal, Conamara

An chéad saothar nó an saothar is tábhachtaí a d'fhoilsigh siad:

- 'Cré na Cille' (1949)
- 'The Barracks' (1963)
- 'Rogha Dánta' (1949)
- 'Pharaoh's Daughter' (1981)
- 'The Country Girls' (1960)
- 'Eireaball Spideoige' (1952)







An bhliain inar rugadh iad:

1917, 1930, 1952, 1910, 1906, 1934







Eolas eile:

- Briseadh as a phost é de bharr ábhar pornagrafach a bheith ina chuid leabhar.
- Bhí sí ina cónaí sa Tuirc.
- Phós sí Seiceach sa bhliain 1954.
- Státseirbhíseach ab ea é.
- Bhí suim mhór aige sa sóisialachas.
- Bhí eitinn air.

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 14.6 B

Líonaigí na bearnaí sa bhosca seo leis an eolas ó **Bileog 14.6A.**

| Ainm | Bliain | Áit | Saothar | Eolas eile |
|---|---|---|---|---|
| Máirtín Ó Direáin | | | | |
| Edna O'Brien | | | | |
| Seán Ó Ríordáin | | | | |
| Nuala Ní Dhomhnaill | | | | |
| Máirtín Ó Cadhain | | | | |
| John McGahern | | | | |

Anois líon na bearnaí thíos le scríbhneoir ar bith Éireannach a thaitníonn leat féin agus cuir na ceisteanna ar an duine in aice leat.

Cad é a mheasann tú de __________________?

Cad é do thuairim faoi __________________?

Ar léigh tú aon leabhar le __________________?

An féidir libh na blianta sa dara colún a rá os ard le chéile?



**Déan plé ar an Mhodh Coinníollach leis an duine in aice leat. Bainigí úsáid as na briathra 'Mol' agus 'Ceannaigh' leis an bpatrún a léiriú.**

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 14.7

Tá deich ráiteas thíos a bheidh tú ag plé le beirt eile sa rang. An aontaíonn sibh le chéile faoi na ráitis? Tá frásaí sa chiorcal a chabhróidh libh leis an phlé.

**Is fíor sin . . .**

**Aontaím amach is amach leis . . .**

**Is dóigh liom . . .**

**Níl mé cinnte faoi seo. . .**

**Tá mé idir dhá chomhairle faoi. . .**

**Easaontaím leis seo . . .**

**Easaontaím go huile agus go hiomlán leis. . .**

1. Tá sé tábhachtach a bheith mar chuid den Aontas Eorpach.



2. Is ceoltóir maith é Daniel O'Donnell.
3. Tá muintir na hÉireann níos faiseanta ná daoine ó thíortha eile na hEorpa.
4. Tá Ryanair go hiontach.
5. Ba cheart go mbeadh an t-idirlíon ag gach duine sa bhaile.
6. Ba chóir an aois vótála a ísliú go dtí sé bliana déag.
7. Is fearr laethanta saoire in Éirinn ná thar lear.
8. Cuireann Iarnród Éireann seirbhís mhaith ar fáil.
9. Tá spórt domhanda millte ag na drugaí.
10. Is teanga dheacair í an Ghaeilge le foghlaim.



© Ollscoil Mhá Nuad